


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Intéirneach i Léann Cliniciúil Eachaí |
| **Fad an Phoist:** | 53 Seachtaine |
| **Bainisteoir Líne** | Ceann Scoile nó Ainmní |
| **Grád:** | Máinlia Tí |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017968 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Jolanca Desouza |
| **Costais Athlonnaithe** | Níl |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Ospidéal Tréidliachta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCDVH) ag lorg iarchéimí tréidliachta, a bhfuil céim acu gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann. Is post mar Intéirneach i Léann Cliniciúil Eachaí atá i gceist leis seo. Is intéirneacht bhliana í seo a dhéanfar ar bhonn uainíochta idir Máinliacht Eachaí agus Seirbhísí Leighis/Atáirgthe Eachaí.

Is intéirneacht uainíochta í seo, a mbeidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo ag obair ar bhonn uainíochta idir Máinliacht Eachaí agus Seirbhísí Leighis/Atáirgthe. Áireofar leis na príomhfhreagrachtaí diagnóisic agus cúram othar ospidéil, dualgas éigeandála, agus cabhrú le scrúduithe bacaí, nósanna imeachta a bhaineann le leigheas, le hatáirgeadh, le hainéistéise, agus máinliacht. Tá ról riaracháin ríthábhachtach ag intéirnigh i billeáil bheacht agus i dtaifead liachta iomchuí a choimeád. Ar deireadh, is baill thábhachta den fhoireann teagaisc sna disciplíní cliniciúla iad intéirnigh le freagrachtaí teagaisc.

***Teagasc:***

- Leithdháileadh cásanna cliniciúla ar mhic léinn
- Cásanna a phlé le mic léinn, i gclinicí agus i ranganna teagaisc de réir mar a sceidealaítear, lena n-áirítear freagrachtaí cóireála a eagrú
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn agus cabhrú leo le linn a ngnáth-mháinliachta, agus a ngnáthamh leighis agus camchuairteanna cóireála
- Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar mhic léinn atá ar uainíocht

***Ospidéal Tréidliachta UCD:***

- Gnáthchásanna a ghlacadh i gcomhréir le beartas coisc ionfhabhtaithe
- Gnáthchumarsáid le cliaint agus le máinlianna tréidliachta atreoraithe lena n-áirítear cliaint a chur ar an eolas faoin dul chun cinn a gcásanna, iarchúram cásanna iarospidéil, trí shocrú le Cliniceoirí
- Cliaint a chur ar an eolas faoi mhuirir iomchuí i leith seirbhísí arna soláthar tráth iontrála, agus a bheith lárnach maidir leis an gcéanna a bhailiú i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin
- Taifid ospidéil a choimeád, agus a fhíorú go ndearnadh gach faisnéis iomchuí a thaifeadadh go laethúil lena n-áirítear praghsáil nósanna imeachta maidir le bogearraí bainistithe don cleachtas
- Drugaí agus uirlisí a choimeád faoi dhálaí sábháilte de réir mar stiúrtar le beartas Ospidéil

- Clár na nDrugaí Rialaithe a choimeád cothrom le dáta
- Seacht ndícheall a dhéanamh chun caidrimh maithe a chothú agus a chothabháil le tréidlianna atreoraithe agus le cliaint, agus cabhrú le híomhá dearfach den Scoil agus den Ospidéal a chur chun cinn
- Cúram iomlán a sholáthar d'othair chónaitheacha san ospidéal
- Dul i gcomhairle le Cliniceoirí maidir le cóireáil agus le cúram othar
- Othair a scaoileadh le comhairle agus le cógais iomchuí
- Freastal ar chlubanna agus ar sheimineáir irise nuair a ndearnadh príomhdhualgais eile a chomhlíonadh
- Liosta cóireála a chomhordú le hAltraí, le Cónaitheoirí agus le Cliniceoirí
- Cabhrú le Cliniceoirí le gnáthaimh éagsúla
- Gnáth-ghnáthaimh diagnóiseacha a dhéanamh le cúnamh mac léinn agus/nó faoi mhaoirseacht foirne

***Dualgais oíche, deiridh sheachtaine agus saoire***:

- Déanfaidh an t-intéirneach ar dualgas an gnáthcúram agus an dianchúraim gach othar san ospidéal a bhainistiú le rochtain ar chúnamh ó chónaitheoirí agus ó chliniceoirí nuair is gá
- Déanfaidh an t-intéirneach ar dualgas aon chásanna nua/éigeandála a ghlacadh isteach, a chur i mbail sheasmhach agus cóireáil a chur orthu faoi mhaoirseacht chónaitheoirí agus chliniceoirí
- Beifear ag súil go ndéanfaidh an t-intéirneach maoirseacht ar mhic léinn san ospidéal taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre
- Déanfaidh intéirnigh dualgais deiridh sheachtaine agus oíche de ghnáth ar bhonn uainíochta de réir uainchláir 1 i 3

***Seimineár Intéirnigh:***

- Táthar ag súil go gcuirfidh an t-intéirneach seimineár ar ábhar roghnaithe i láthair. Féadfar an obair sin a thiontú ina foilseachán eolaíoch nuair is iomchuí

***Ginearálta:***

- Glacfaidh na hintéirnigh páirt i ndualgais lae agus oíche
- Mairfidh an conradh ar feadh bliana
- Roinnfidh intéirnigh dualgais thar thréimhsí Saoire Poiblí
- Níl aon liúntas comhdhála nó oiliúna ar leith ag baint leis an bpost seo

## Sainiúil don phost seo:

- Is é dáta tosaigh an róil seo ná **Mí an Mhárta 2025**
- Mairfidh an conradh ar feadh **(53 seachtaine)**

## Tuarastal 95 House Surgeon_2010 (5212_X): €32,576 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Céim Thréidliachta gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (http://www.vci.ie)
- Suim i múineadh fochéime

- Ardleibhéal Béarla idir labhartha agus scríofa
- Cur amach ar chapaill agus ar thionscal na gcapall
- Sárscileanna eagrúcháin, cumarsáide agus idirphearsanta
- Cumas obair go héifeachtach mar bhall foirne

Inmhianaithe:

- Taithí chliniciúil eachaí roimhe seo
- Scileanna ríomhaireachta maithe agus mioneolas ar fhoireann Microsoft Office, ar r-phost agus ar an idirlíon
- Gnóthachan acadúil os cionn an mheáin ag scoil tréidliachta
- Suim i dtaighde cliniciúil

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | www.ucd.ie/vetmed<br>http://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | Clodagh Kearney |
| Teideal: | Ollamh Cúnta le Máinliacht Ainmhithe Móra, Ceannaire an Disciplín |
| Seoladh ríomhphoist: | clodagh.kearney@ucd.ie |
| Fón: | + 353 1 716 6065 |